RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/883 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir teorainneacha oibriúcháin laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a chruthú agus maidir le haerphaisinéirí a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear liosta aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún ([2]).

(2) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") faisnéis in iúl don Choimisiún atá ábhartha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. An fhaisnéis a cuireadh ar fáil, cuireann sí leis an gcinneadh gur cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Chuir an Coimisiún gach aeriompróir lena mbaineann ar an eolas, go díreach nó trí na húdaráis atá freagrach as a bhformhaoirseacht rialála, faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha a bheadh mar bhunús le cinneadh toirmeasc a chur ar a n-oibriú laistigh den Aontas nó leis na coinníollacha maidir le toirmeasc ar a oibriú arna chur i bhfeidhm ar aeriompróir atá san áireamh ar na liostaí in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhodhnú.

(4) Thug an Coimisiún an deis do na haeriompróirí lena mbaineann an doiciméadacht ábhartha uile a cheadú, barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh chuig an gCoimisiún agus chuig an gCoiste arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ("Coiste Aersháibháilteachta an Aontais").

(5) Chuir an Coimisiún Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin chomhpháirteacha leanúnacha, laistigh de chreat Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún ([3]), le húdaráis inniúla agus aeriompróirí na hAirméine, na Casacstáine, na Cirgeastáine, na hIndinéise, na Moldóive, na Pacastáine agus na Rúise. Chuir an Coimisiún Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi chúrsaí sábháilteachta eitlíochta sa Ghuine Mheánchiorclach, sa Libia, i Neipeal, sa Phoblacht Dhoiminiceach, agus sa tSúdáin Theas.

(6) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na measúnuithe teicniúla a rinneadh le haghaidh na meastóireachta tosaigh agus an fhaireacháin leanúnaigh ar údaruithe oibreoirí tríú tír, arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún ([4]).

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme don liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 8).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de chuid oibreoirí tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12).

(7) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi thorthaí na hanailíse ar chigireachtaí rampa a rinneadh faoin gclár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha ("SAFA"), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na tionscadail um chúnamh teicniúil a rinneadh i dtríú tíortha a ndearna toirmeasc ar oibriú faoi Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 difear dóibh. Thairis sin, sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis faoi na pleananna agus na hiarrataí ar thuilleadh cúnaimh theicniúil agus comhair chun feabhas a chur ar chumas riaracháin agus teicniúil na n-údarás um eitlíocht shibhialta i dtríú tíortha d'fhonn cuidiú leo dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme don eitlíocht shibhialta. Iarradh ar Bhallstáit freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht ar bhonn déthaobhach. I ndáil leis sin, d'athluaigh an Coimisiún a úsáidí atá sé faisnéis a sholáthar don chomhphobal idirnáisiúnta eitlíochta, go háirithe tríd an uirlis Chomhpháirtíochta um Chúnamh maidir le Sábháilteacht Eitlíochta a Chur Chun Feidhme, ar uirlis í de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, faoin gcúnamh teicniúil a sholáthraíonn an tAontas agus na Ballstáit do thríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht eitlíochta ar fud an domhain.

(9) Sholáthair EUROCONTROL tuairisc cothrom le dáta don Choimisiún agus do Choiste Aersháibháilteachta an Aontais maidir le stádas fheidhmeanna aláraim SAFA agus na n-oibreoirí tríú tír, lena n-áirítear staidreamh faoi theachtaireachtaí foláirimh le haghaidh aeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu.

Aeriompróirí an Aontais

(10) Tar éis don Ghníomhaireacht anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a d'eascair as cigireachtaí rampa a rinneadh ar aerárthaí aeriompróirí an Aontais, maille le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí caighdeánaithe a rinne an Ghníomhaireacht, arna comhlánú freisin le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí agus iniúchtaí sonracha a rinne údaráis náisiúnta eitlíochta, tá bearta áirithe forfheidhmithe glactha ag roinnt Ballstát agus tá an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais curtha ar an eolas acu faoi na bearta sin.

(11) D'athdhearbhaigh na Ballstáit go bhfuil siad réidh le gníomhú de réir mar is gá i gcás ina léiríonn an fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha sábháilteachta ag aeriompróirí an Aontais.

Aeriompróirí ón Airméin

(12) I mí an Mheithimh 2020, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún ([6]) luadh aeriompróirí ón Airméin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(13) An 15 Aibreán 2021, thionóil an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ionadaithe Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine cruinniú teicniúil, inar sholáthair Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine faisnéis maidir lena ghníomhaíochtaí maoirseachta agus le dul chun cinn an phlean gníomhaíochta ceartaithí a forbraíodh i mí Iúil 2020. Sholáthair Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine forléargas ar na dúshláin ar tugadh aghaidh orthu le bliain anuas freisin agus faisnéis faoi staid fhoriomlán na timpeallachta eitlíochta san Airméin agus faoi na bearnaí a sainaithníodh i réimsí éagsúla freagrachta de chuid Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine ar gá aird a thabhairt orthu.

(14) Ina theannta sin, le linn an chruinnithe sin rinne Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine cur i láthair mionsonraithe maidir le stádas chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha i leith na mbarúlacha a tugadh le linn chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair i mí Feabhra 2020 agus sholáthair sé forléargas ar phróiseas bainistíochta riosca Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine.

(15) Sa chomhthéacs sin, chuir Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine an Coimisiún ar an eolas gur cúlghaireadh Teastais Aeroibreora ("AOCanna") na n-aeriompróirí *Atlantis European Airways* agus *Mars Avia*, agus gur deimhníodh na haeriompróirí nua *Fly Armenia Airways* (Uimh. AOC 070), *Novair* (Uimh. AOC 071) agus *Shirak Avia* (Uimh. AOC 072). Ós rud é nach bhfuil cumas leordhóthanach léirithe ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine na caighdeáin sábháilteachta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, le heisiúint AOCanna do na haeriompróirí nua sin ní ráthaítear go bhfuil caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go leordhóthanach.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir teorainneacha oibriúcháin laistigh den Aontas (IO L 172, 3.6.2020, lch. 7).

(16) Tugann an Coimisiún dá aire an dul chun cinn a rinne Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine maidir le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le sábháilteacht eitlíochta, rud a d'fháig i mí an Mheithimh 2020 gur áiríodh iompróirí deimhnithe na hAirméine in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006. Faoi láthair, áfach, níl dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt leis na srianta oibríochtúla ar aeriompróirí ón Airméin a bhaint. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann tuilleadh forbartha ar chúrsaí.

(17) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón Airméin gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú le go n-áireofaí *Fly Armenia Airways*, *Novair* agus *Shirak Avia* in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, agus le go mbainfí *Atlantis European Airways* agus *Mars Avia* den Iarscríbhinn sin.

(18) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Indinéis

(19) I mí an Mheithimh 2018, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/871 ón gCoimisiún ([7]) baineadh gach aeriompróir ón Indinéis d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(20) An 26 Feabhra 2021, sholáthair Ard-Stiúrthóireacht Eitlíochta Sibhialta na hIndinéise faisnéis agus tuairisc cothrom le dáta ar ghníomhaíochtaí maoirseachta sábháilteachta le haghaidh na tréimhse ó mhí Meán Fómhair 2020 go mí Feabhra 2021. Chomh maith leis an tuairisc cothrom le dáta ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí a forbraíodh ar bhonn chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair i mí an Mhárta 2018, áiríodh freisin ar an bhfaisnéis a sholáthair Ard-Stiúrthóireacht Eitlíochta Sibhialta na hIndinéise tuairiscí cothrom le dáta maidir leis an liosta de shealbhóirí AOC, aerárthaí cláraithe, timpistí, teagmhais thromchúiseacha, agus tarluithe san eitlíocht agus bearta forfheidhmithe arna ndéanamh ag Ard-Stiúrthóireacht Eitlíochta Sibhialta na hIndinéise.

(21) Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus an doiciméadacht a fuarthas, measann an Coimisiún gur tugadh aghaidh go rathúil ar na barúlacha oscailte uile a bhí fágtha, barúlacha a d'eascair as an gcuairt mheasúnaithe ar an láthair i mí an Mhárta 2018, agus gur féidir iad a dhúnadh. I bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh, measann an Coimisiún gur leor go seolfadh Ard-Stiúrthóireacht Eitlíochta Sibhialta na hIndinéise tuairisc cothrom le dáta uair sa bhliain seachas an dá cheann a sheol sí go dtí seo.

(22) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón Indinéis nach bhfuil aon fhorais ann le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(23) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Indinéis trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(24) I gcás ina léiríonn aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

Aeriompróirí ón gCasacstáin

(25) I mí an Nollag 2016, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2214 ón gCoimisiún ([8]) baineadh aeriompróirí ón gCasacstáin d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(26) I mí Feabhra 2020, mar chuid den fhaireachán leanúnach ar an gcóras maoirseachta sábháilteachta sa Chasacstáin, cuireadh tús le comhairliúcháin fhoirmiúla le húdaráis inniúla na Casacstáine. Sa chomhthéacs sin, le linn na gcruinnithe a bhí aige i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2020, tugadh forléargas do Choiste Aershábháilteachta an Aontais ar staid na maoirseachta sábháilteachta sa Chasacstáin.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/871 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas (IO L 152, 15.6.2018, lch. 5).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2214 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas (IO L 334, 9.12.2016, lch. 6).

(27) Mar leanúint ar an bplé a rinne Coiste Aersháibháilteachta an Aontais i mí na Samhna 2020, choinnigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht teagmháil leanúnach ar bun le hÚdarás Eitlíochta Chuideachta Comhstoic na Casacstáine. Sa chomhthéacs sin, bhí glao físchomhdhála ann an 26 Márta 2021 idir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ionadaithe ó Choiste Eitlíochta Sibhialta na Casacstáine agus ó Údarás Eitlíochta na Casacstáine araon. Le linn an chruinnithe theicniúil sin, rinne Údarás Eitlíochta na Casacstáine cur i láthair cuimsitheach maidir leis na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar an maoirseacht sábháilteachta sa Chasacstáin, lena n-áirítear forléargas ar a ghníomhaíochtaí faireachais, a phleananna maidir le pearsanra teicniúil a earcú agus a oiliúint, agus na gníomhaíochtaí forfheidhmithe a rinneadh i leith roinnt aeriompróirí atá deimhnithe sa Chasacstáin. Ina theannta sin, chuir Údarás Eitlíochta na Casacstáine i dtábhacht a thiomanta atá sé a bheartas i ndáil le feabhsú leanúnach a shaothrú a thuilleadh, lena n-áirítear an obair riachtanach atá ar bun aige maidir le maoirseacht sábháilteachta a fhorbairt.

(28) Thairis sin, chuir Údarás Eitlíochta na Casacstáine a straitéis i láthair le haghaidh na tréimhse 2021-2025, lena n-áirítear an dlí nua eitlíochta a ghlacadh agus na leasuithe iarmhartacha ar chreat reachtach náisiúnta na Casacstáine.

(29) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, is féidir a dhéanamh amach go ndearnadh iarrachtaí suntasacha agus forbairtí iarmhartacha chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí sábháilteachta sa Chasacstáin. Agus aitheantas á thabhairt don dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann tuilleadh forbartha ar chúrsaí. Sa chomhthéacs sin, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit, cuairt mheasúnaithe ar an láthair de chuid an Aontais a thabhairt ar an gCasacstáin.

(30) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón gCasacstáin nach bhfuil aon fhorais ann le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(31) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chasacstáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(32) I gcás ina léiríonn aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

Aeriompróirí ón gCirgeastáin

(33) I mí Dheireadh Fómhair 2006, le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún ([9]) luadh aeriompróirí ón gCirgeastáin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(34) An 25 Samhain 2020, arna iarraidh sin don Chirgeastáin agus mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnacha, thionóil an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus ionadaithe Ghníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta Phoblacht na Cirgise cruinniú teicniúil inar thug Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta Phoblacht na Cirgise cur i láthair cuimsitheach maidir lena heagraíocht agus a feidhmeanna, lena n-áirítear bunphrionsabail na maoirseachta sábháilteachta a dhéanann sí. Áiríodh ar fhaisnéis eile a chuir Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta Phoblacht na Cirgise ar fáil na dúshláin foirne a dtugann sí aghaidh orthu, forléargas ar chreat reachtach na Cirgise, agus a cur chuige straitéiseach maidir le forbairt theicniúil i gcomhthéacs acmhainneacht sábháilteachta eitlíochta a fhorbairt. Thug sé tuairisc cothrom le dáta freisin maidir leis an liosta de shealbhóirí AOC agus na n-aerárthaí cláraithe.

(35) Thairis sin, an 14 Nollaig 2020, ag leanúint de chruinniú teicniúil an 25 Samhain 2020, chuir Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta Phoblacht na Cirgise an Coimisiún ar an eolas go bhfuil AOC gníomhach ag na haeriompróirí *Heli Sky* (Uimh. AOC 47), *Valor Air* (Uimh. AOC 07), *AeroStan* (Uimh. AOC 08), *KAP.KG Aircompany* (Uimh. AOC 52) agus *FlySky Airlines* (Uimh. AOC 53). Ós rud é nach bhfuil léirithe ag Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta Phoblacht na Cirgise go bhfuil cumas leordhóthanach aici na caighdeáin sábháilteachta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, le heisiúint AOCanna do na haeriompróirí nua sin ní ráthaítear go bhfuil caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go leordhóthanach.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 910/2006 (IO L 283, 14.10.2006, lch. 27).

(36) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún gur cheart liosta na n-aeriompróirí ón gCirgeastáin atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú le go n-áireofaí *AeroStan, FlySky Airlines, Heli Sky, KAP.KG Aircompany* agus *Valor Air* in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(37) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón Moldóiv

(38) I mí Aibreáin 2019, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/618 ón gCoimisiún ([10]) luadh gach aeriompróirí ón Moldóiv in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, seachas *Air Moldova*, *Fly One* agus *Aerotranscargo*.

(39) I litir uaidh an 2 Márta 2021, sholáthair Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive faisnéis agus tuairisc chuimsitheach cothrom le dáta ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí lena dtugtar aghaidh ar na barúlacha agus ar na moltaí a d'eascair as cuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair i mí Feabhra 2019.

(40) Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a fuarthas, measann an Coimisiún go bhfuil na mínithe a tugadh ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí dea-struchtúrtha agus leordhóthanach.

(41) An 25 Márta 2021, arna iarraidh sin don Mholdóiv agus mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnacha, thionóil an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus ionadaithe Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive cruinniú teicniúil inar thug Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive forléargas cuimsitheach ar a eagraíocht agus a fheidhmeanna, lena n-áirítear bunphrionsabail na maoirseachta sábháilteachta a dhéanann sé. Áiríodh ar fhaisnéis eile a chuir Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive ar fáil forléargas cothrom le dáta ar fhorbairtí agus ar an gcor láithreach i dtaca lena phlean gníomhaíochta ceartaithí lena dtugtar aghaidh ar na barúlacha agus ar na moltaí a d'eascair as cuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair i mí Feabhra 2019. Mhaígh Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive gur dúnadh formhór mór bharúlacha an phlean gníomhaíochta ceartaithí, gan ach ceithre bharúil fós ar oscailt.

(42) Le linn an chruinnithe sin, chuir Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive an Coimisiún ar an eolas go ndearnadh aeriompróirí uile na Moldóive a athdheimhniú i gcomhréir leis an rialachán oibríochtúil nua, lena dtrasuítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([11]) i reachtaíocht na Moldóive. Faoi láthair, tá 11 sealbhóir AOC sa Mholdóiv. Formhór na n-ocht sealbhóir AOC nach bhfuil údarú oibreora tríú tír acu, tá oibríochtaí á ndéanamh acu ó bhunáiteanna lasmuigh den Mholdóiv. De réir Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive, tá an faireachas atá á dhéanamh ar na bunáiteanna seachtracha sin i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta.

(43) Thairis sin, chuir Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive an Coimisiún ar an eolas gur deimhníodh an t-aeriompróir nua *HiSky* (Uimh. AOC MD 025). Ós rud é nach bhfuil léirithe ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive go bhfuil cumas leordhóthanach aige na caighdeáin sábháilteachta ábhartha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, le heisiúint AOC don aeriompróir nua sin ní ráthaítear go bhfuil caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go leordhóthanach.

(44) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, dealraíonn sé go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Moldóive maidir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Faoi láthair, áfach, níl dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt leis na srianta oibríochtúla ar aeriompróirí ón Moldóiv a bhaint. Ba cheart an fhaisnéis a chuirfear ar fáil faoi na feabhsuithe a fhíorú a thuilleadh le linn cuairt mheasúnaithe ar an láthair de chuid an Aontais ar an Moldóiv.

(45) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón Moldóiv gur cheart liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a leasú le go n-áireofaí *HiSky* in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/618 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta na n-aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir teorainneacha oibriúcháin laistigh den Aontas (IO L 106, 17.4.2019, lch. 1).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

(46) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Mholdóiv trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(47) I gcás ina léiríonn aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

Aeriompróirí ón bPacastáin

(48) I mí an Mhárta 2007, le Rialachán (CE) Uimh. 235/2007 ón gCoimisiún ([12]) luadh *Pakistan International Airlines* in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 agus baineadh é ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2007 le Rialachán (CE) Uimh. 1400/2007 ón gCoimisiún ([13]).

(49) An 24 Meitheamh 2020, léirigh ráiteas ó Aire Cónaidhme Eitlíochta na Pacastáine gur trí mhodhanna calaoiseacha a fuarthas líon ard de na ceadúnais phíolóta a d'eisigh Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine.

(50) Mar thoradh ar an méid sin agus ar an easpa maoirseacht éifeachtach sábháilteachta a dhealraíonn sé a rinne Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine, chuir an Ghníomhaireacht údaruithe na n-oibreoirí tríú tír *Pakistan International Airlines* agus *Vision Air* ar fionraí le héifeacht ón 1 Iúil 2020.

(51) Ón 1 Iúil 2020, chuir an Coimisiún tús le comhairliúchán le hÚdarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine de bhun Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 473/2006, agus d'iarr sé ar Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine faisnéis a sholáthar faoina fhreagairt ar ráiteas an Aire Cónaidhme. Go háirithe, d'iarr an Coimisiún faisnéis faoin maoirseacht a dhéantar ar aeriompróirí atá deimhnithe sa Phacastáin, lena n-áirítear a gCórais Bainistíochta Sábháilteachta, mar aon le fianaise nach bhfuil staid den chineál céanna leitheadach i réimsí eile atá faoi réir mhaoirseacht sábháilteachta Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine freisin, amhail deimhniú foirne cábáin, ceadúnú innealtóirí cothabhála, nó deimhniú aeriompróirí.

(52) In 2020, d'eagraigh an Coimisiún dhá chruinniú theicniúla le hÚdarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine, an 9 Iúil agus an 25 Meán Fómhair.

(53) Mar ullmhúchán do chruinniú Choiste Aershábháilteachta an Aontais i mí na Bealtaine 2021, agus riachtanais nós imeachta na Gníomhaireachta maidir leis na hoibreoirí tríú tír *Pakistan International Airlines* agus *Vision Air* a chur ar fionraí á gcur san áireamh, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú teicniúil an 15 agus an 16 Márta 2021 chun comhordú a áirithiú idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht i ndáil lena n-oibleagáidí sonracha. D'fhreastail ionadaithe na mBallstát ar na cruinnithe sin.

(54) Le linn na gcruinnithe sin, pléadh saincheisteanna éagsúla, go háirithe ceadúnú foirne, oibríochtaí aeir, aeracmhainneacht, tuairisciú tarluithe, agus freagairt Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine ar na moltaí sábháilteachta agus an obair leantach a dhéanann sé dá mbarr.

(55) Sholáthair Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine fianaise agus faisnéis ábhartha ar a ndearna an Coimisiún agus saineolaithe na Gníomhaireachta measúnú. Cé go bhfuarthas amach go bhfuil líon leordhóthanach ball foirne ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine atá inniúil eolach, sainaithníodh roinnt saincheisteanna eagrúcháin ar ábhar imní iad. Áirítear orthu sin easnaimh ar bhainistíocht cháilíochta na nósanna imeachta doiciméadaithe, easpa treorach le haghaidh na gcigirí, próiseas cáilithe neamh-chomhlíontach le haghaidh Ceadúnas Píolóta Iompair Aerlíne, easpa nó beagán rianaithe ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha de bharr torthaí, agus easpa acmhainn iomchuí anailís a dhéanamh ar bhunchúiseanna.

(56) Thairis sin, ní raibh Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine ábalta fianaise a sholáthar gur thug an Phacastáin fógra don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir lena maoluithe substaintiúla ar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme in Iarscríbhinn 1 de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta mar a leagtar síos sa roinn "Ceadúnú Pearsanra".

(57) Ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfianaise agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil, aithníonn an Coimisiún iarrachtaí Údarás Eitlíochta Sibhialta na Pacastáine gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh shábháilteachta a sainaithníodh. Ba cheart don Choimisiún leanúint, áfach, d'fhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí sa Phacastáin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin cuairt mheasúnaithe ar an láthair de chuid an Aontais a thabhairt ar an bPacastáin.

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 235/2007 ón gCoimisiún an 5 Márta 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 66, 6.3.2007, lch. 3).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1400/2007 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 311, 29.11.2007, lch. 12).

(58) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún i dtaobh aeriompróirí ón bPacastáin nach bhfuil aon fhorais ann le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(59) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Phacastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin uile, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(60) I gcás ina léiríonn aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

Aeriompróirí ón Rúis

(61) Lean an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus údaráis inniúla na mBallstát d'fhaireachán géar a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe sa Rúis agus a oibríonn laistigh den Aontas, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa a dhéantar ar aeriompróirí áirithe Rúiseacha, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(62) An 14 Aibreán 2021, bhuail ionadaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit le hionadaithe ó Ghníomhaireacht Aeriompair Fheidearálach na Rúise chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe sa Rúis ar bhonn tuarascálacha ar chigireachtaí rampa a rinneadh sa tréimhse idir an 15 Deireadh Fómhair 2020 agus an 14 Aibreán 2021, agus chun na cásanna a aithint inar cheart do Ghníomhaireacht Aeriompair Fheidearálach na Rúise a cuid gníomhaíochtaí maoirseachta a neartú.

(63) San athbhreithniú ar chigireachtaí rampa SAFA ar aeriompróirí atá deimhnithe sa Rúis, níor léiríodh aon easnamh sábháilteachta suntasach nó athfhillteach.

(64) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis a sholáthair Gníomhaireacht Aeriompair Fheidearálach na Rúise ag an gcruinniú an 14 Aibreán 2021, measann an Coimisiún go bhfuil an acmhainneacht agus an toilteanas is gá ag Gníomhaireacht Aeriompair Fheidearálach na Rúise ag an bpointe seo chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shábháilteachta nuair a shainaithnítear iad. Ar na forais sin, níor measadh go raibh gá éisteacht os comhair Choiste Aersháilteachta an Aontais a thabhairt d'údaráis eitlíochta na Rúise ná d'aon aeriompróir atá deimhnithe sa Rúis.

(65) I gcomhréir leis na critéir choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún dá bhrí sin nach bhfuil aon fhorais ann ag an bpointe seo le leasú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas trí bhíthin aeriompróirí ón Rúis a chur san áireamh air.

(66) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh ag na haeriompróirí ón Rúis, trí bhíthin cigireachtaí rampa a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(67) I gcás ina mbraithfear, le linn na gcigireachtaí sin, aon ghar-riosca sábháilteachta a beith ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta, féadfaidh an Coimisiún toirmeasc ar a n-oibriú a fhorchur ar aeriompróirí lena mbaineann ag a bhfuil deimhniú Rúiseach agus iad a lua in Iarscríbhinn A nó Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(68) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir.

(69) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa agus, i gcás inarb iomchuí, go práinneach, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Tá sé fíor-riachtanach dá bharr sin, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go bhfoilseofaí aon chinneadh i gcomhthéacs uasdátú a dhéanamh ar liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas, agus go dtiocfadh sé i bhfeidhm láithreach tar éis a ghlactha.

(70) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aersháilteachta an Aontais arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A.

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC') nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
BLUE WING AIRLINES	SRBWA-01/2002	BWI	Suranam
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC	An Iaráin
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	An Iaráic
MED-VIEW AIRLINE	MVA/AOC/10-12/05	MEV	An Nigéir
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	An tSiombáib
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na hAfganastáine, lena n-áirítear			**An Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	An Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	An Afganastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála Angóla, cé is moite de *TAAG Angola Airlines* agus *Heli Malongo*, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 YYY	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 MBC	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 SOR	SOR	Angóla
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na hAirméine, lena n-áirítear			**An Airméin**
AIRCOMPANY ARMENIA	AM AOC 065	NGT	An Airméin
ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	An Airméin
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	An Airméin

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn A cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí feistithe a léasú de chuid aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC') nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
ATLANTIS ARMENIAN AIRLINES	AM AOC 068	AEU	An Airméin
FLY ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 070	FBB	An Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	An Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	An Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	N/B	An Airméin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála an Chongó (Brazzaville), lena n-áirítear			**An Congó (Brazzaville)**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	An Congó (Brazzaville)
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	An Congó (Brazzaville)
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	An Congó (Brazzaville)
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	TSG	An Congó (Brazzaville)
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	An Congó (Brazzaville)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC') nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MWANT JET	AAC/DG/OPS-09/09	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála Djibouti, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Guine Meánchiorclaí, lena n-áirítear			**An Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/DGAC/SOPS	CEL	An Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/DGAC/SOPS	Ní fios	An Ghuine Mheánchiorclach
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na hEiritré, lena n-áirítear			**An Eiritré**
ERITREAN AIRLINES	AOC Uimh. 004	ERT	An Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC Uimh. 005	NAS	An Eiritré
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Cirgeastáine, lena n-áirítear			**An Chirgeastáin**
AEROSTAN	*08*	*BSC*	An Chirgeastáin
AIR COMPANY AIR KG	50	Ní fios	An Chirgeastáin
AIR MANAS	17	MBB	An Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	An Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	An Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	An Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	An Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	An Chirgeastáin

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC') nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
TEZ JET	46	TEZ	An Chirgeastáin
VALOR AIR	07	VAC	An Chirgeastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Libéire.			**An Libéir**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Libia, lena n-áirítear			**An Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	An Libia
AIR LIBYA	004/01	TLR	An Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	An Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	An Libia
GLOBAL AVIATION AND SERVICES	008/05	GAK	An Libia
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	An Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	An Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	An Libia
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Moldóive, cé is moite de *Air Moldova*, *Fly One* agus *Aerotranscargo*, lena n-áirítear			**An Mholdóiv**
Î.M "VALAN ICC" SRL	MD009	VLN	An Mholdóiv
CA "AIM AIR" SRL	MD015	AAM	An Mholdóiv
CA "AIM STORK" SRL	MD018	MSB	An Mholdóiv
CA "HISKY" SRL	MD025	HYM	An Mholdóiv
Î M "MEGAVIATION" SRL	MD019	ARM	An Mholdóiv
CA "PECOTOX-AIR" SRL	MD020	PXA	An Mholdóiv
CA "TERRA AVIA" SRL	MD022	TVR	An Mholdóiv
CA "FLY PRO" SRL	MD023	PVV	An Mholdóiv
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála Neipeal, lena n-áirítear			**Neipeal**
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC') nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
AFRICA'S CONNECTION	10/AOC/2008	ACH	São Tomé agus Príncipe
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála Shiarra Leon			**Siarra Leon**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála na Súdáine, lena n-áirítear			**An tSúdáin**

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora (‘AOC’) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**
ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	An tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	An tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	An tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	An tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	An tSúdáin
HELEJETIC AIR	57	HJT	An tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	An tSúdáin
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	An tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	An tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	An tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	An tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	An tSúdáin”

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRIÚCHÁIN LAISTIGH DEN AONTAS ([1])

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	**Uimhir an Teastais Aeroibreora ('AOC')**	**Sainitheoir trí litir ICAO**	**Stádas an Oibreora**	**Cineál aerárthaigh a bhfuil srian uirthi**	**Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, má tá a leithéid ann, sraithuimhir nó sraithuimhreacha déantúis aerárthaí a bhfuil srian orthu**	**Stát an chláraithe**
AIR SERVICE COMORES	06-819/TA-15/DGACM	KMD	Oileáin Chomóra	An flít ar fad, cé is moite de: LET 410 UVP.	An flít ar fad, cé is moite de: D6-CAM (851336).	Oileáin Chomóra
IRAN AIR	FS100	IRA	An Iaráin	Gach aerárthach den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747.	Aerárthaí den chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; aerárthaí den chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC.	An Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	An Chóiré Thuaidh	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU-204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	An Chóiré Thuaidh'

([1]) D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear in Iarscríbhinn B cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí feistithe a léasú de chuid aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.